



# Criostail a fhás

## Gníomhaíocht

<b>RANG</b>	Rang 4 – Rang 6
<b>SCILEANNA</b>	Ag breathnóireacht, Ag imscrúdú.
<b>CUSPÓIRÍ</b>	Ábhair : Ábhair agus athrú
<b>NASCADH</b>	Tíreolaíocht – Imshaoil nádúrtha, Carraigeacha agus ithreacha
<b>FEARAS</b>	Sóid aráin, tartar geal (nó Bextartar) (le fáil san ollmhargadh), dabhach plaisteach, spúnóg phlaisteach, uisce fuar, babhla d’uisce te ón mbuacaire. Lionsa méadaithe chun breathnú ar na criostail.
<b>ULLMHÚCHÁN</b>	Bailigh na hábhair.
<b>CÚLRA EOLAÍOCHTA</b>	<p>Tá cuid mhaith solad déanta as a lán criostal.</p> <p>Tá a lán cruthanna éagsúla agus a lán méideanna éagsúla ag criostail. Uaireanta ní féidir iad a fheiceáil mar bíonn siad róbhéag nó bíonn siad greamaithe le chéile. Má bhreathnaíonn tú ar shiúcra le lionsa méadaithe is féidir na criostail a fheiceáil. Bíonn cuma ciúbanna beaga gloine orthu. Cuirimid criostail bheaga de shalann ar ár mbia. Is dócha gurb iad na diamaint na criostail is áille ar fad. Bíonn siad ag spréacharnach sa solas mar go bhfuil aghaidheanna míne glana orthu.</p> <p>Tá patrúin rialta ag criostail agus tá seacht bpríomhchruth ann. Bíonn an cruth céanna ag criostail den ábhar céanna i gcónaí.</p> <p>Chun criostail mhaithe a dhéanamh ní mór tuaslagán tiubhaithe den ábhar a ullmhú, is é sin caithfidh tú leanúint ag cur ábhair san uisce go dtí nach dtuaslagann a thuilleadh ann. Uaireanta má chuireann tú criostal beag den ábhar sa tuaslagán oibríonn sé mar “shíol” chun criostail níos mó a fhás.</p>
<b>SPRIOC CHEISTEANNA</b>	<p><b>Ceistigh na páistí chun an comhthéacs a bhuanú.</b></p> <p>Cad is criostal ann? Deán cur síos ar chriostal? (Substaint a mbíonn cuma rialta air).</p> <p>An bhféadfá sampla de chriostal a thabhairt dom? Cá mbeadh criostail ar fáil sa bhaile? (salann, siúcra, sóid níocháin (tabhair aire leis seo), seoda)</p> <p>Cén cruth atá orthu?</p>



# Criostail a fhás

## Gníomhaíocht

### GNÍOMHAÍOCHT

Cuir spúnóg chothrom amháin de shóid aráin i ndabhach plaisteach. Cuir 50 ml d'uisce leis agus corraigh go maith. Cuir spúnóg chothrom amháin de thartar geal isteach agus corraigh go maith. Cad a tharlaíonn? (Feictear bolgoidí. Déantar Salann Rochelle ón dá cheimiceán). Cuir spúnóg eile de thartar geal isteach agus corraigh go maith. Cuir an tríú spúnóg de thartar geal sa tuaslagán. Corraigh go maith. Chun bheith cinnte go bhfuil an t-imoibriú críochnaithe go hiomlán cuir an babhla ina sheasamh in uisce te ón mbuacaire.

Beidh roinnt solaid fágtha ar ghrinneall an bhabhla; is féidir ligean don tuaslagán socrú agus ansin an tuaslagán glan a bhaint nó is féidir scagpháipéar a úsáid. Fág an tuaslagán i gcófra ar feadh cúpla lá ionas gur féidir leis an uisce galú. Ba chóir go mbeadh criostail de Shalann Rochelle fágtha. Tógann sé go leor ama criostail a ghiniúint ach is fiú an iarracht a dhéanamh.

### SÁBHÁILTEACHT

**Níl mórán baol ag baint le Sóid Aráin agus Cream of Tartar ach is ceimicí iad agus ba cheart aire a thabhairt á n-úsáid. Nigh na lámha tar éis na gníomhaíochta seo.**

### LEATHNÚ

#### 1. Bain triail as criostail de shiúcra a fhás mar seo:

Ceangail píosa téide (nach bhfuil déanta as nílón) i lár pinn luaidhe agus cuir an peann luaidhe ina lúí ar bhéal próca agus an téad ag dul isteach sa phróca. (Ná lig don téad bun an phróca a bhualadh). Líon próca eile le huisce te agus cuir siúcra isteach ann, spúnóg i ndiaidh spúnóige, ag corraí an t-am ar fad go dtí nach dtuaslagann a thuilleadh siúcra ann. Cuir cúpla braon de dhathú bia ann má tá criostail dhaite uait. Anois doirt an tuaslagán glan isteach sa phróca eile agus cuir in áit é nach mbainfear leis. Tógfaidh sé cúpla lá, nó b'fhéidir cúpla seachtain, do na criostail fás. Braitheann sé ar an timpeallacht.

#### 2. Má theastaíonn uait a lán criostail a fhás nó gairdín criostail a chothú:

Doirt an tuaslagán tiubhaithe ar chloch, bríce nó spúinse agus clúdaigh é le páipéar cistine chun an deannach a choimeád amach agus lig don uisce galú go mall.